

From: Home [REDACTED]
Sent: 08 November 2017 20:31
To: National Planning Framework
Cc: info@president.ie
Subject: Ireland 2040: Objective 31

Seosaimhín Nic Rabhartaigh

[REDACTED]
[REDACTED]
[REDACTED]
[REDACTED]

8/'11'/'17

A Chara,

Bhí mé an bhuartha ar léamh dom an dréacht de phlean forbartha na hÉireann 2040, gur as 152 leathanach nach bhfuil an Ghaeilge luaite ach uair amháin. Tá an 91 focal sa phlean a thugann cúlra ar an teanga leanta ag cuspóir don teanga nach bhfuil ach deich bhfocal d'fhad. Tá gach focal faoin Ghaeilge scríofa i mBéarla. Níl oiread is focal Gaeilge le feiceáil sa doiciméad ó thús deiridh agus níl leagan Gaeilge den dréacht ar fáil.

Deireann Cuspóir 31 go bhfuil sé de cheart “an Ghaeilge a chothú is a chaomhnú go háirithe i gceantracha Gaeltachta.”

Bhuel, ba mhaith liomsa cur in iúl don choiste phleanála nach maireann an teanga léi féin, scartha ó dhaoine. Iompraíonn daoine an teanga ina gcroíthe agus ina gcumarsáid labhartha agus scríofa, i rith an ama, agus cibé rud atá de dhíth ag aon phobal, áit ar bith sa tír, bíonn sé de dhíth ar phobal na Gaeilge agus i mbealach speisialta, ag pobal na Gaeltachta. I mo thuairimse níl an doiciméad “Ireland 2040” ag freastáil ar riachtanais lucht labhartha na Gaeilge nó ar mhuintir na Gaeltachta.

Cén fáth nach bhfuil “Ireland 2040” ag freastáil ar lucht labhartha na Gaeilge nó ar mhuintir na Gaeltachta? Níl na forbairtí bhonneagair agus áiseanna atá de dhíth ar an phobal luaite in áit ar bith sa phlean seo. Is léir ón phlean go mbeidh tromlach na n-iarrachtaí forbartha dírithe ar chúig chathair, is iad siúd Baile Átha Cliath, Port Láirge, Corcaigh, Luimneach agus, san iarthar, cathair na Gaillimhe. Cad faoin iar-thuaisceart?

Cad faoi Chontae Dhún na nGall ach go háirithe, agus na ceantracha Gaeltachta ansin? Tá Contae Dhún na nGall fós gan séirbhís phoiblí bus nó traenach, díreach mar a bhí agus mise i mo mhacléinn ins na hochtaidí! Téann CIÉ fhad le Leitir Ceanainn agus sin é! Téann bus CIÉ go Gleann Cholm Cille ó bhaile Dhún na nGall uair sa seachtain, cé go bhfuil Coláiste Gaeilge “Oideas Gael”, ag mealladh dhaltaí ó gach cearn den domhain go leanúnach le níos mó ná fiche bliain anuas. Is áit mhór turasóireachta í Dún na nGall ach níl an bonneagar mar atá sé in ann dona sluaite a thugann cuairt ar an Chontae gach bliain nó oiriúnach dona daoine ag a bhfuil cónaí orthu sa chontae ach oiread.

Seo iad na forbairtí atá de dhíth san iar-thuaisceart i mo thuairimse:

1. Motorbhealach a nascfadh príomhbhóithre an Chontae lena chéile (agus le Doire agus an tSráth Bhán i dtuaisceart na hÉireann) is iad siúd Baile Dhún na nGall, Bealach Féich/ Sráth an Urláir, na Gleanntaí, Leifear, Leitir Ceanainn, an Clochán Liath, Aerfort Charraig na Finne, Ailt an Chorráin, Gaoth Dóhair, an Fhál Carrach, Málainn agus Carn Domhnach.

2. Séirbhís phoiblí bus agus traenach

3. Córas sláinte forbartha

4. Leabharlanna phoiblí le háiseanna digiteacha

5. Ar aon suíomh amháin ins na bailte: Ionaid phobal le séirbhísí do pháistí óga agus seandaoine le háiseanna aclaíochta m.s. linnte snámha, cosáin reatha, hallaí spóirt agus seomraí breise le hagaidh Yoga, Karate, rince agus ar eile

6. Amharclanna agus Pictiúrlanna

7. Aerfort níos mó i gCarraig na Finne le sceideal níos fairsinge agus Aerfort in oirthear an chontae I Leitir Ceanainn, b'fhéidir.

8. Campus Ollscoile sa Ghaeltacht ar nós Sabhal Mór Ostaig ar Oileán Sgitheanach in Albain.

9. Cinntiú go bhfuil téacsleabhair nó níos fearr fós, foirmeacha digiteacha de's na hábhar, ar fáil i nGaeilge d'achan ábhar ar an churaclam scoile ag gach leibhéal ins na scoltacha Gaeltachta agus ins na Gaelscoileanna, rud nach bhfuil fíor don lá atá inniu ann.

Má dhéantar forbairt ar bhonneagar agus ar áiseanna Dhún na nGall agus an iar-thuaisceart, cothóidh sin infheistíocht ón earnáil phríobháideach rud a chuirfidh go mór le caighdeán maireachtála achan duine, idir óg agus aosta.

Is mise le meas,

Seosaimhín Nic Rabhartaigh

[Redacted signature block]

Sent from my iPad